| Roinn A | Ceisteanna Gearrfhreagra | 100 marc |
|---|---|---|

**Freagair 8 gceist as 10 gceist**

**Ceist 1**

Tá Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDG) 14 de chuid na Náisiún Aontaithe léirithe thíos. Is é an sprioc ná na haigéin, na farraigí agus na hacmhainní mara a chaomhnú agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe.




Arna chur in oiriúint ó sdgsun.org

**(i)** Mínigh **cúis amháin** arb acmhainn luachmhar eacnamaíochta iad ár n-aigéin agus ár bhfarraigí.

| Míniú: |
|---|
| |
| |
| |

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar shlí amháin ar féidir le **daoine aonair** cuidiú chun an acmhainn luachmhar seo a chosaint.

| |
|---|
| |
| |
| |

**Ceist 2**

Tá Lidl ag tairiscint dearbhháin lascaine (tairiscintí speisialta) anois do chustaiméirí a íoslódálann aip Lidl Plus.

**(a)** Cuir in iúl le tic (✓) sa tábla thíos cé acu atá an beart thuas ina shampla d'iomaíocht praghsanna nó d'iomaíocht neamhphraghais a bheith in úsáid ag cuideachta. Mínigh do fhreagra.

| | |
|---|---|
| Iomaíocht praghsanna | |
| Iomaíocht neamhphraghais | |

| Míniú: |
|---|
| |
| |
| |

**NÓ**

**(b)** Mínigh cad é mar is féidir le custaiméirí Lidl tairbhe a bhaint as dearbhháin lascaine (tairiscintí speisialta) a bheith á dtairiscint do chustaiméirí a íoslódálann aip Lidl Plus.

| Míniú: |
|---|
| |
| |
| |

**Ceist 3**

**(a)** Feidhmíonn siopaí caife in Éirinn in **iomaíocht mhonaplach**. Cuir in iúl le tic (✓) cé acu fíor nó bréagach atá na ráitis thíos, dar leat.

| | Ráiteas | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|---|
| **1.** | Tá bacainní iontrála i margadh na siopaí caife in Éirinn. | | |
| **2.** | Claonann cuar an éilimh / cuar an mheánioncaim do chaife i siopa caife in Éirinn anuas ó chlé go deas. | | |

**NÓ**

**(b)** San fhógraíocht iomaíoch, cuirtear chun cinn na buntáistí atá ag táirge cuideachta amháin ar tháirgí a cuid iomaitheoirí. Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis a bhféadfadh sé tarlú **nach i gcónaí** a rachadh fógraíocht iomaíoch chun tairbhe don chustaiméir.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| 2. |
| |
| |

**Ceist 4**

Níl airgead á chur i leataobh i gciste lá na coise tinne ag 47% de theaghlaigh na hÉireann a bhfuil páistí óga iontu. Arna chur in oiriúint ó RTÉ

**(a)** Mínigh **fáth** amháin go mb'fhéidir nach bhfuil na teaghlaigh sin ag coigilt.

| Míniú: |
|---|
| |
| |
| |

**NÓ**

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar bheart amháin a d'fhéadfadh institiúidí airgeadais in Éirinn a dhéanamh le saoránaigh na hÉireann a spreagadh le coigilteas a dhéanamh.

| Beart amháin: |
|---|
| |
| |
| |

**Ceist 5**

Cuir in iúl le tic (✓) cé acu an **iompórtálacha isteach** i ngeilleagar na hÉireann nó **easpórtálacha amach** ó gheilleagar na hÉireann iad seo thíos. Mínigh an fáth le do rogha i ngach cás.

| | | Iompórtáil | Easpórtáil | Fáth |
|---|---|---|---|---|
| **1.** | Feirmeoirí in Éirinn ag díol mairteola le margadh na Gearmáine | | | |
| **2.** | Turasóirí as Éirinn ag fanacht in óstáin sa Fhrainc | | | |

**Ceist 6**

Tugadh isteach an Scéim Éarlaise agus Aisíoca ar an 1 Feabhra 2024.

(Nóta: Íocann an tomhaltóir éarlais ar a choimeádán dí agus nuair a thugtar an coimeádán ar ais go dtí an t-ionad bailiúcháin, tugtar éarlais an tomhaltóra ar ais.)

Breac cuntas gearr ar dhá thionchar a d'fhéadfadh an scéim seo imirt ar thomhaltóirí na hÉireann.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| 2. |
| |
| |


**Ceist 7**

Déan staidéar ar na ráitis thíos agus cuir in iúl le tic (✓) sa bhosca ceart cé acu ráiteas díobh atá ina ráiteas dearfach agus cé acu ráiteas díobh atá ina ráiteas normatach.

| Ráiteas | Dearfach | Normatach |
|---|---|---|
| Ó tugadh isteach an tobhach ar mhálaí plaisteacha tá laghdú tagtha ar líon na málaí plaisteacha a cheannaíonn tomhaltóirí nuair a bhíonn siad ag siopadóireacht. | | |
| Ba chóir don rialtas an méid atá sa phinsean seanaoise a mhéadú chun leibhéal na bochtaineachta a laghdú. | | |

**Ceist 8**

Is tomhas í comhéifeacht Gini ar an éagothroime i ndáileadh ioncaim taobh istigh de thír. Léiríonn na sonraí thíos ón Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) na comhéifeachtaí Gini do líon tíortha roghnaithe ó 2019 go 2021.




Arna chur in oiriúint ón OECD

Ó na sonraí atá tugtha, cuir in iúl sna boscaí thíos cén tír ina bhfuil an leibhéal is ísle éagothroime agus cén tír ina bhfuil an leibhéal is airde éagothroime.

| | | |
|---|---|---|
| **(i)** | An tír ina bhfuil an leibhéal **is ísle** éagothroime. | |
| **(ii)** | An tír ina bhfuil an leibhéal **is airde** éagothroime. | |

**Ceist 9**

Léirítear sna sonraí thíos dhá mheastachán dhifriúla ón Roinn Airgeadais ar fhás gheilleagar na hÉireann in 2023.

| | |
|---|---|
| Fíor-OTI | 4.7% |
| Fíor-OIN | 0.4% |

Arna chur in oiriúint ón Tuar Eacnamaíoch & Fioscach


Comhlánaigh an tábla seo le cur in iúl cad dó a seasann na giorrúcháin.

| | | |
|---|---|---|
| **O** ____________________ | **T** __________________ | **Intíre** |
| **O** ___________________ | **Ioncam** | **N** _________________ |


**Ceist 10**

Is féidir le tae matcha cabhrú chun cuimhne duine a fheabhsú, agus strus agus imní a laghdú.

Arna chur in oiriúint ó The New York Times




**Léaráid A**




**Léaráid B**

Glac leis go bhfuil margadh tae matcha i gcothromaíocht (C1).

Cuir in iúl le tic (✓) cibé acu Léaráid A nó Léaráid B a léiríonn a staid nua cothromaíochta sa mhargadh tar éis clúdach sna meáin ar a **iarmhairtí dearfacha ar an tsláinte.**

| | |
|---|---|
| Léaráid A | |
| Léaráid B | |

Mínigh do fhreagra, agus luaigh na hiarmhairtí ar an bpraghas cothromaíochta **agus** ar an gcainníocht chothromaíochta.


| Míniú: |
|---|
| |
| |
| |
| |

| Roinn B | Ceisteanna Fadfhreagra | 300 Marc |
|---|---|---|

**Freagair 4 cheist as 6 cheist**

**Ceist 11**

**(a)** Taispeántar ar an gcairt thíos arduithe ar phraghas an leictreachais ó roinnt soláthraithe ó 2020 go 2022.




Arna chur in oiriúint ó SEAI

**(i)**

| | |
|---|---|
| Cén chuideachta a raibh an t-ardú praghais **ba mhó** aici? | |
| Cén chuideachta a raibh an t-ardú praghais **ba lú** aici? | |

**(ii)** Breac cuntas gearr ar thionchar eacnamaíochta amháin a d'fhéadfadh a bheith ag na harduithe seo ar ghnólachtaí in Éirinn.

| Tionchar amháin: |
|---|
| |
| |
| |

**(iii)** Le linn gheimhreadh 2023–2024, thug rialtas na hÉireann creidmheas €450 do gach líon tí le haghaidh a mbillí leictreachais. Cén fáth a ndearna an rialtas é sin, dar leat?

| Fáth: |
|---|
| |
| |
| |

**(b)** **(i)** Tá ganntanas fostaithe oilte in earnálacha éagsúla de chuid gheilleagar na hÉireann faoi láthair. Mínigh an téarma eacnamaíochta **ganntanas** maidir leis an lucht saothair (le fostaithe).

| Ganntanas: |
| --- |
| |
| |
| |
| |


**(ii)** Tá ganntanas lucht saothair oilte i dtionscal na cógaisíochta le blianta beaga anuas. Mínigh **tionchar amháin** a d'fheadfadh a bheith ag ganntanas lucht saothair ar an tionscal seo.

| Míniú: |
| --- |
| |
| |
| |
| |

**(iii)** Breac cuntas gearr ar bheart eacnamaíochta amháin a d'fhéadfadh rialtas na hÉireann a dhéanamh a chabhródh chun an líon oibrithe oilte sa gheilleagar a mhéadú.

| Beart eacnamaíochta: |
| --- |
| |
| |
| |
| |

**(c)** Taispeántar sa chairt thíos na rátaí míosúla dífhostaíochta in Éirinn agus iad coigeartaithe de réir an tséasúir.




Arna chur in oiriúint ón POS

**(i)** Aithin treocht fhoriomlán na dífhostaíochta in Éirinn agus úsáid figiúirí ón ngraf thuas.

| Treocht: |
|---|
| |
| |
| |

Agus costais saothair ag méadú, tá sé dian ar roinnt gnólachtaí Éireannacha leanúint ar aghaidh ag feidhmiú.

**(ii)** Breac cuntas gearr ar an tionchar a d'fhéadfadh an fhorbairt seo a bheith aici ar an dífhostaíocht in Éirinn.

| Tionchar: |
|---|
| |
| |
| |

**(iii)** Breac cuntas gearr ar chúis amháin a mbíonn roinnt daoine fós dífhostaithe fad is atá folúntais phoist i ngeilleagar na hÉireann.

| Cúis: |
|---|
| |
| |
| |

**75 marc**

**(c)** Ardaíodh praghas an pháipéir leithris 15.6% in 2022. Tharla sin mar go raibh cuideachtaí a dhéanann páipéar leithris ag úsáid amhábhair atá neamhdhíobhálach don timpeallacht ach a bhí níos costasaí. Is sampla é seo de bhoilsciú de bharr costbhrú.

Arna chur in oiriúint ó RTE.ie

**(i)** Mínigh cad is brí leis an téarma eacnamaíochta boilsciú de bharr costbhrú.

| Boilsciú de bharr costbhrú: |
|---|
| |
| |
| |

**(ii)** Ar chóir do dhéantúsóirí, mar chuidachtaí a dhéanann páipéar leithris, amhábhair a úsáid atá **níos costasaí** ach atá neamhdhíobhálach don timpeallacht, dar leat? Cuir do thuairim in iúl le tic (✓) thíos agus mínigh do rogha.

| Ba chóir | | Níor chóir | |
|---|---|---|---|

| Míniú: |
|---|
| |
| |
| |

**(iii)** Tá an Banc Ceannais Eorpach (ECB) buartha faoi na rátaí boilscithe i limistéar an euro.

Mínigh an fáth a bhfuil BCE (ECB i mBéarla) buartha faoi rátaí boilscithe, dar leat.

| Míniú: |
|---|
| |
| |
| |

**75 marc**

**(b)** Is é ráta caighdeánach na cánach breisluacha (CBL) ar earraí agus ar sheirbhísí in Éirinn ná 23%. I gcás earraí áirithe, ar a n-áirítear bainne, arán, leabhair, éadaí do pháistí agus áiseanna míchumais, is 0% an ráta CBL.

**(i)** Tabhair breac-chuntas ar chúis amháin a ngearrann an rialtas CBL ar ráta 0% ar an raon earraí atá luaite thuas.

| Cúis amháin: |
|---|
| |
| |
| |

**(ii)** Cuir in iúl le tic (✓) thíos cé acu atá CBL ina shampla de cháin dhíreach **nó** de cháin indíreach. Mínigh do rogha.

| | |
|---|---|
| Cáin dhíreach | |
| Cáin indíreach | |

| Míniú: |
|---|
| |
| |
| |

**(iii)** I mí Feabhra 2023, d'fhógair an rialtas go mbeadh an ráta CBL 9% do thionscal na turasóireachta agus an fháilteachais á ardú ar ais go dtí 13.5% arís ón 1 Meán Fómhair 2023.

An aontaíonn tú gur cheart go mbeadh ráta CBL 13.5% á ghearradh ar thionscal na turasóireachta agus an fháilteachais?

Cuir (✓) tic le do rogha.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Aontaím | | Ní aontaím | |

Mínigh do fhreagra.

| Míniú: |
|---|
| |
| |
| |

**(c)** Sa tábla thíos, léirítear trádáil earraí na hÉireann in 2021.

| Easpórtálacha | Iompórtálacha |
|---|---|
| An Ríocht Aontaithe €18.1 billiún | An Ríocht Aontaithe €19.5 billiún |
| Na Stáit Aontaithe €52.6 billiún | Na Stáit Aontaithe €18.1 billiún |
| An tAontas Eorpach €61.7 billiún | An tAontas Eorpach €34.6 billiún |
| An Chuid Eile den Domhan €33.3 billiún | An Chuid Eile den Domhan €31.5 billiún |
| **Easpórtálacha Iomlána €165.7 billiún** | **Iompórtálacha Iomlána €103.7 billiún** |

Arna chur in oiriúint ón POS

**(i)** Úsáid an t-eolas sa tábla thuas agus ríomh comhardú trádála na hÉireann in 2021. Cuir in iúl le tic (✓) cé acu an barrachas nó easnamh a bhí ann.
**Taispeáin do chuid oibre go léir**. Mínigh do fhreagra.


| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Obair: | | | | |
| Freagra: | Barrachas: ☐ | **nó** | Easnamh: ☐ | |
| Míniú: | | | | |
| | | | | |

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis a bhfuil **easpórtálacha** tábhachtach do gheilleagar na hÉireann.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| 2. |
| |
| |

**75 marc**

**(b)** Sa léaráid thíos léirítear cuar an éilimh agus cuar an tsoláthair i gcás aschur fheirmeacha na hÉireann.




Tháinig ardú 97.7% ar praghas an leasacháin in Éirinn sa 12 mhí go Deireadh Fómhair 2022.

Arna chur in oiriúint ón POS

**(i)** Dá bharr sin chuaigh praghas méadaithe an leasacháin i bhfeidhm ar an soláthar i gcás aschur feirmeacha in Éirinn. Taispeáin tionchar na forbartha seo **ar an léaráid thuas**.

**(ii)** Mínigh do fhreagra.


| Míniú: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**(iii)** Is féidir bainne almóinní a rangú mar earra ionaid do bhainne bó.
Mínigh cad is brí leis an téarma eacnamaíochta **earra ionaid**.

| Míniú: |
|---|
| |
| |
| |

**Ceist 16**

**(a)** De réir na Náisiún Aontaithe, shroich daonra an domhain 8 mbilliún in 2022. Léirítear sa chairt thíos an fás ar dhaonra an domhain ó 1804 i leith.




Arna chur in oiriúint ó na Náisiúin Aontaithe

**(i)** Tabhair breac-chuntas ar chúis amháin a bhfuil daonra an domhain tar éis fás chomh tapa sin ó 1804, dar leat.

| Cúis amháin: |
|---|
| |
| |
| |

**(ii)** I roinnt tíortha, tá go leor daoine os cionn 65 bliain d'aois ag súil le bheith mar chuid den dream "**díscortha**", i.e. **teastaíonn uathu filleadh ar an obair.**

Arna chur in oiriúint ó the Irish Times

Tabhair breac-chuntas ar thionchar amháin ar gheilleagar na hÉireann dá bhfillfeadh níos daoine os cionn 65 bliain d'aois ar an obair.

| Tionchar: |
|---|
| |
| |
| |

**(iii)** Tá daonra na hÉireann ag dul in aois níos tapa ná áit ar bith eile san Eoraip. Tabhair breac-chuntas ar thionchar eacnamaíoch amháin a bheidh aige seo ar Rialtas na hÉireann.

| Tionchar eacnamaíoch: |
|---|
| |
| |
| |

**(c)** San eolas thíos, tugtar sonraí a bhaineann le rialacha nua a thug Banc Ceannais na hÉireann isteach maidir leis an méid is féidir le daoine a fháil ar iasacht nuair atá siad ag ceannach tí den chéad uair.

| | |
|---|---|
| **2022** | Is féidir le ceannaitheoirí céaduaire tí suas le **3.5 oiread** a n-ollioncaim a fháil ar iasacht. |
| **2023** | Is féidir le ceannaitheoirí céaduaire tí suas le **4 oiread** a n-ollioncaim a fháil ar iasacht. |

**(i)** Cuir in iúl le tic (✓) thíos cé acu tionchar dearfach **nó** tionchar diúltach, dar leat, atá ag na rialacha nua maidir le hiasachtaí morgáiste tar éis a bheith acu ar cheannaitheoirí céaduaire tí / ar mhargadh na tithíochta in Éirinn. Mínigh do fhreagra.

Dearfach: ☐ Diúltach: ☐

| Míniú: |
|---|
| |
| |
| |

Faoi láthair tá os cionn dhá mhilliún duine in Éirinn ag úsáid Revolut, cuideachta Fintech, agus tá sé ar tí teacht isteach i margadh na morgáistí, is é sin, beidh iasachtaí le haghaidh morgáistí á thairiscint aige do thomhaltóirí in Éirinn.

Arna chur in oiriúint ó rte.ie

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar thionchar eacnamaíochta amháin a d'fhéadfadh a bheith ann do dhaoine atá ag lorg morgáiste in Éirinn de bharr Revolut a bheith ina iasachtóir le haghaidh morgáistí.

| Tionchar eacnamaíochta: |
|---|
| |
| |
| |

**75 marc**

